



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preas Ráiteas Press Statement

Maireann mná níos faide ach tuilleann siad níos lú ná fir

B'ionann ionchas saoil na mban agus 81.6 bliain in Éirinn in 2006, i gcomparáid le 76.8 d'fhir. Bhí ioncam bliantúil na mban in ionannas le thart ar 70% den suim tuillte ag fir in 2008, ach tar éis coigeartaithe a dhéanamh don méid ama oibrithe, bhí tuilleamh na mban in aghaidh na huairé cothrom le thart ar 90% de thuilleamh na bhfear. Tá na fíricí seo cuimsithe sa tuarascáil **Mná agus Fir in Éirinn 2010** [*Women and Men in Ireland 2010*] foilsithe ag an CSO. Baineann ráta fostaíochta níos airde le fir, ach ráta dífhostaíochta níos airde freisin. Tá ráta torthúlachta níos airde ag mná na hÉireann ná mar atá in aon tír AE eile, bhí an ráta torthúlachta in Éirinn in 2008 cothrom leis an leibhéal athsholáthair fhadtéarmaigh. Is ionann tromlach na ndaoine atá ag tabhairt aire don teaghlach/chlann agus mná. Tá mná faoi ghannionadaíocht i gcomparáid le fir in údarais áitiúla agus réigiúnacha agus san Oireachtas. Is mná iad formhór na n-oibrithe sna hearnálacha Sláinte agus Oideachais. Fágann fir an scoil níos luaithe agus tá cáilíocht níos airde ag mná. Tá níos mó fir ag dul ar eisimirce agus tá sé níos dóchúla go bhfaighidh fir bás agus iad óg. Is ionann fir agus líon treascrach de dhaonra na bpríosún agus is fir iad formhór na n-íospartach dúnmharaithe.

I measc pointí suimiúla eile den tuarascáil áirítear:

Oideachas: B'ionann ráta na luathfhágálaithe scoile i measc mná d'aois 18-24 in 2009 agus 8.2%, a bhí i bhfad níos lú ná ráta na bhfear ag 14.4%. Roghnaigh céatadain níos airde de chailíní Béarla, Gaeilge, Fraincis, Bitheolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile agus Ealaín ag an ardleibhéal d'Ardeistiméireacht na bliana 2010, fad is a bhí rátaí rannpháirtíochta na mbuachaillí níos airde in ábhair theicniúla. Bhí os cionn 89% de na daltaí Ardeistiméireachta a roghnaigh Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide, Staidéar Foirgníochta agus Innealtóireacht ag an ardleibhéal fireann. Lean an pátrún seo ar aghaidh ag an tríú leibhéal, le fir in ionannas le thart ar 84% de chéimithe in Innealtóireacht, déantúsaíocht agus foirgníocht agus le 59% de chéimithe in Eolaíocht, fad is a bhí mná in ionannas le 82% de chéimithe i Sláinte agus leas, 76% in Oideachas, agus 66% sna Dána agus i nDaonnachtaí. Tá sé níos dóchúla go mbeadh cáilíocht tríú leibhéal ag mná, le cáilíocht tríú leibhéal ag níos mó ná leath (52%) na mban d'aois 25-34 i gcomparáid le 39% d'fhir san aoisghrúpa céanna (Táblaí 3.8, 4.1, 4.2 agus 4.4).

Fostaíocht: B'ionann ráta fostaíochta na bhfear in Éirinn agus thart ar 75% le roinnt blianta anuas, ach thit sé sin go tobann in 2009 go 67.3% agus laghdaigh sé arís in 2010 go 64.5%. Is ionann ráta sprioctha an AE maidir le mná i bhfostaíocht agus 60% faoin mbliain 2010, sprioc a bhain Éire amach in 2007 agus 2008, ach nár baineadh amach in 2009 ná 2010, nuair a bhí an ráta laghdaithe go 56.4%. In 2010 bhí mná in ionannas le 46% díobh siúd i bhfostaíocht. D'oibrigh fir 39.4 uair in aghaidh na seachtaine ar an meán in 2010 i gcomparáid le 30.9 do mhná (Táblaí 2.1, 2.7, 2.9 agus 2.10).

Dífhostaíocht Bhí ráta dífhostaíochta na bhfear in Éirinn ag thart ar 5% le roinnt blianta anuas ach tháinig méadú géar air in 2009 go 15.1% agus méadú arís in 2010 go 16.7%. Mhéadaigh ráta dífhostaíochta na mban, a bhí in ionannas le thart ar 4% le roinnt blianta anuas, freisin in 2009 go 8.1% agus arís in 2010 go 9.8%. Don aoisghrúpa 20-24, bhí 32.9% d'fhir agus 18.7% de mhná dífhostaithe in 2010 (Táblaí 2.13 agus 2.14).

Cinnteoireacht Léiríonn an tuarascáil go bhfuil mná faoi ghannionadaíocht i struchtúir chinnteoireachta ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnacha. In 2010, ní raibh ach 14% de TDanna i nDáil Éireann in ionannas le mná, fad is ab ionann iad agus díreach níos mó ná an tríú cuid de chomhaltaí na mBord Stáit, níos lú ná an cúigiú cuid de chomhaltaí na n-údarás áitiúil agus níos mó ná an tríú cuid de bhallraíocht na gCoistí Gairmoideachais. B'ionann an mheán-ionadaíocht bhaineann i bparlaimintí náisiúnta do thíortha an AE 27 agus beagnach an ceathrú cuid in 2010 (Táblaí 3.14 agus 3.15).

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 498 4000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland

Dublin Office
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0808 234 7581 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555
information@cs0.ie
www.cs0.ie

Daonra: Bhí an ráta torthúlachta is airde san AE in 2008 in Éirinn ag 2.1, fad is a bhí meán an AE ag 1.56. Tháinig méadú ar an meánaois ag a rugadh an chéad leanbh do mhná ó 25 bliain in 1980 go 29 bliain in 2009. Bhí 98 fear in aghaidh gach 100 bean i ndaonra na hÉireann in 2010. Clúdaíonn sé seo éagsúlachtaí sna haoisghrúpaí: ag aoiseanna níos óige, tá níos mó buachaillí ann ná cailíní (toisc go mbeirtear níos mó buachaillí ná cailíní), agus ag aoiseanna níos sine, tá níos mó mná ann ná fir (toisc go maireann mná níos faide ná fir). Maidir leis an ngrúpa 85+, tá 47 fear in aghaidh gach 100 bean in Éirinn (Táblaí 1.1, 3.12 agus 3.13).

Imirce: Bhí na rátaí inimirce go hÉireann ard ó 2005 go 2008. In 2006, shroich inimirce buaicphointe de 60,300 d'fhir. Bliain ina dhiaidh sin, shroich sí buaicphointe de 52,100 do mhná. Ó shin i leith, tá laghdú an-ghéar tagtha ar inimirce go thart ar 15,500 d'fhir agus do mhná araon in 2010. Tháinig méadú géar ar eisimirce idir 2006 agus 2010, go háirithe d'fhir, le heis-sreabhadh glan de 25,100 fear agus 9,400 bean dá bharr in 2010 (Táblaí 1.3 agus 1.4).

Saol agus bás: B'ionann ionchas saoil na mban in Éirinn agus 81.6 bliain in 2006, beagnach 5 bliana níos mó ná an t-ionchas d'fhir de 76.8 bliain. Tá ionchas saoil na bhfear 0.7 bliain níos mó ná meán na hEorpa don bhliain 2007, cé go bhfuil sé leathbhliain níos lú ná meán an AE don bhliain 2007 do mhná. Tá sé níos dóchúla go bhfaighidh fir bás ag aois níos óige ná mná, leis an difríocht sa bhaol ard ach go háirithe i measc an aoisghrúpa 15-24. Léiríonn sé seo rátaí báis níos airde d'fhireannaigh de bharr féinmharaithe agus timpistí mótarfeithicle (Táblaí 5.1 go 5.5 agus 7.3).

Sláinte Bhí sé níos dóchúla go gcaithfeadh mná seal san ospidéal, le 339 díscáileadh ospidéil in aghaidh gach 1,000 bean in 2009 i gcomparáid le 294 díscáileadh in aghaidh gach 1,000 fear. Bhain an séú cuid de shealanna na mban san ospidéal le toircheas agus breith linbh (Táblaí 5.7 agus 5.10).

Príomhstádas Geilleagrach Bhí sé níos dóchúla go mbeadh fir seachas mná mar chuid den lucht saothair in 2010, le seachtar fear as gach deichniúr d'aois 15 bliain agus os cionn ag obair nó dífhostaithe ach ní raibh ach os cionn leath na mban sa lucht saothair. Bhí níos mó ná leath mhiliún bean ag tabhairt aire don bhaile/chlann in 2010 i gcomparáid le 7,500 fear (Tábla 3.1).

Gairmeacha Bhí 863,000 bean agus 996,100 fear fostaithe in Éirinn in 2010. Bhí os cionn an cúigiú cuid de mhná fostaithe i ngairmeacha cléireachais agus rúnaíochta, i gcomparáid le 6% d'fhir. Bhí gairmeacha ceardaíochta agus gnóthaí gaolmhara ar na gairmeacha is lú cothroime ó thaobh inscne de, le fir in ionannas le 95% de na hoibrithe sa chatagóir seo. Bhí gairmeacha gairmiúla ar na cinn is mó cothroime ó thaobh inscne de, ina raibh 51% de na hoibrithe baineann (Tábla 2.7).

Earnálacha geilleagracha D'fhostaigh na hearnálacha oideachais agus sláinte an céatadán is airde de mhná. San earnáil sláinte, is mná iad 80% de na fostaithe. Sa bhunoideachas, is mná iad 83% díobh. Agus san oideachas dara leibhéal, mná is ea 64% acu. D'ainneoin seo, ní dhéantar ionadaíocht mhaith do mhná i bpoist ar leibhéal sinsearach. is mná iad 34% de chomhairligh mhíochaine agus fhiacloireachta amháin, 54% de bhainisteoirí bunscoile, agus 39% de bhainisteoirí meánscoile (Táblaí 4.6, 4.8 agus 5.14).

Ioncam: Léiríonn an tuarascáil go raibh ioncam na mban in 2008 cothrom le thart ar 70% d'ioncam na bhfear. Tar éis coigeartaithe a dhéanamh do na huairéanta níos faide oibríthe ag fir, bhí tuilleamh na mban in aghaidh na huairé cothrom le thart ar 90% de thuilleamh na bhfear (Tábla 3.3).

Bochtanas: B'ionann céatadán na bhfear i mbaol bochtaineachta in 2009, i ndiaidh pinsean agus aistrithe sóisialta, agus 14%, an ráta céanna le mná. Bhí rátaí na ndaoine i mbaol bochtaineachta i bhfad níos lú díobh siúd i bhfostaíocht, ag 6% d'fhir agus 5% do mhná (Tábla 3.6).

Coireacht: Cimíodh 10,865 duine chun príosúin faoi phianbhreith in 2009, agus mná ba ea 10.7% díobh seo. Bhí 45 fear agus 10 ban ina n-íospartaigh dhúnmharaithe/dhúnorgana in 2008 (Táblaí 6.1 agus 6.4).

Nóta ón Eagarthóir

Tá Mná agus Fir in Éirinn, 2010 ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO (www.cso.ie)

Is féidir an tuarascáil a cheannach ó:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Oifig Díolta Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

nó trí aon díoltóir leabhair.

Praghas: €5

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise déan teagmháil le Helen Cahill (01 498 4253) nó Adrian Redmond (01 498 4309).